Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Matamaitic

## Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

## Scéim Mharcála

300 marc

## Struchtúr na scéime marcála

Marcálfar freagraí ó iarrthóirí de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagartha a bhfuiltear ag súil leo. Roinneann scálaí lipéadaithe A freagraí iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). Roinneann scálaí lipéadaithe B freagraí iarrthóirí ina dtrí chatagóir (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart). agus a leithéid. Déantar achoimre sa tábla seo ar na scálaí agus ar na marcanna a ghineann siad:

| Lipéad an scála | B | C | D |
|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 3 | 4 | 5 |
| Scála 5 mharc | 0, 3, 5 | 0, 2, 3, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 |
| Scála 10-marc | 0, 4, 10 | 0, 4, 6, 10 | 0, 4, 5, 7, 10 |
| Scála 15-mharc | | 0, 5, 9, 15 | 0, 4, 7, 8, 15 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta ar gach pointe ar gach scála thíos. Tugtar treoracha níos sonraí sa scéim maidir le ciall a bhaint as na scálaí i gcomhthéacs gach ceist, de réir mar is gá.

**Scálaí marcála – tuairiscín leibhéil**

**Scálaí-B (trí chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**Scálaí-C (ceithre chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**Scálaí-D (cúig chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra thart ar leath-cheart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, lena bhfuil slánú mícheart, aonad in easnamh, míléamh nach ndéanann róshimpliú ar an obair, nó earráid uimhríochta nach ndéanann róshimpliú ar an obair déanta, is féidir marc atá marc amháin níos lú ná an marc creidiúint iomlán a thabhairt. Léirítear na cásanna seo le * agus tugtar *Creidiúint Iomlán -1* ar an leibhéal creidiúna seo. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán -1* de 9 marc a thabhairt.

Is iad na marcanna ar an scála thíos, nó na cinn i *gCreidiúint Iomlán -1* na cinn a fhéadfar a thabhairt ar cheist.

Cuirfear pionóis slánaithe i bhfeidhm gach uair a tharlaíonn sé sa scéim. Ní chuirtear aon phionós i bhfeidhm má shonraítear sa cheist an t-aonad atá le húsáid sa fhreagra, agus go ginearálta ní bhíonn aon phionós ag dul le haghaidh siombaile euro a fhágtar ar lár i gceisteanna a bhfuil airgead ag baint leo.

Go ginearálta, glac le hobair an iarrthóra i bpáirt amháin de cheist le húsáid i bpáirteanna dá éis den cheist, ach amháin má dhéanann seo róshimpliú den obair atá i gceist.

## Pailéad na nótaí atá ar fáil do scrúdaitheoirí

| Siombail | Ainm | An chiall i gcorp na hoibre | An chiall nuair a úsáidtear ar an imeall deis |
|---|---|---|---|
| ✔ | Cuir tic | Obair atá bainteach | Tuilleann an obair i gcorp na scripte creidiúint iomlán |
| ✘ | Cros | Obair mhícheart (seachas earráid san obair) | Tuileann an obair i gcorp na scripte creidiúint 0 |
| * | Réalta | Earráid Shlánaithe / Aonaid / Uimhríochta Míléamh | |
| ~~~ | Corrach cothrománach | Earráid | |
| **P** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint |
| **L** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint íseal |
| **M** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint mheánach |
| **H** | | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint ard |
| F* | Réalta F | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte Creidiúint Iomlán (– 1) |
| [ | Lúibín ar chlé | | Tá leagan eile den réiteach seo léirithe in áit eile agus tuilleann sé creidiúint chéanna nó creidiúint níos airde |
| ⌇ | Corrach ceartingearach | Níl aon obair ar an leathanach seo (ná ar chuid den leathanach seo) | |
| O | Róshimpliú | Rinne an t-iarrthóir róshimpliú ar an obair | |
| **WOM** | Obair lena nGabhann Fiúntas | Rud ar bith ceart ach amháin **Obair lena nGabhann Fiúntas** laistigh de chorp na hoibre | |

**Nóta:** Sa chás go gcuirtear saothar substainte i láthair i gcorp na scripte, ba cheart go léireodh an nóta mínithe ar an imeall deas teaglaim de na nótaí sa saothar

Maidir le **scála C**, más amhlaidh go bhfuil * agus ~~~ agus ~~~ chomh maith le sonrú i gcorp na scripte, ba cheart an **L** a chur san imeall deas ansin.

Maidir le **Scála D**, más amhlaidh go bhfuil na nótaí mínithe céanna ag gabháil leis, ba cheart an **M** a chur san imeall deas.

Uaireanta úsáidtear ✔ i gcorp na hoibre mar léiriú go bhfuil fiúntas ag baint le cuid den obair agus go bhfuil ceann de na leibhéil chreidiúna a ndéantar cur síos orthu sa scéim marcála tuillte aici dá bharr. Léirítear an leibhéal creidiúna san imeall ar dheis.

## Réitigh Shamplacha & Nótaí Marcála

**Nóta:** Ní cheaptar go mbeidh na réitigh samplacha do gach ceist uileghabhálach- is féidir réitigh chearta eile a bheith ann. Ba chóir do Scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.


<table>
<tr><th>C1</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>
<table>
<tr><td>1</td><td>3</td><td>5</td><td>7</td><td>8</td><td></td></tr>
<tr><td>2</td><td>1</td><td>3</td><td>6</td><td>9</td><td>9</td></tr>
<tr><td>3</td><td>0</td><td>4</td><td>6</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>4</td><td>4</td><td>6</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>
</td><td>Scála 15C (0, 5, 9, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Iontráil amháin i gceart<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Seacht n-iontráil i gceart</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(c)</td><td>(b)<br>Raon $= 46 - 13 = 33$<br><br>(c)<br>Modh $= 29$</td><td>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (b) nó (c), mar shampla, foirmle ábhartha<br>• Ríomhtar airmheán in (c)<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin i gceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td>Meán $= \frac{30+34+36+44+46}{5}$<br>$= \frac{190}{5}$<br>$= 38$</td><td>Scála 10C (0, 4, 6, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Suimiú ábhartha<br>• 5 scríofa<br>• Ríomhtar airmheán<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Ríomhtar 190<br><br>Creidiúint Iomlán -1:<br>• Ríomhtar meán na n-uimhreacha 14 go léir</td></tr>
</table>


| C2 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | **(i)**<br>3 boscaí beaga = $3 \times 500\text{g} = 1500$[g]<br><br>**(ii)**<br>$4500 - 1500 = 3000$<br>$3000 \div 750 = 4$ [boscaí] | **Scála 15D (0, 4, 7, 8, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**, mar shampla, iolrú nó roinnt ábhartha áirithe<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(b)** | $5:7 \Rightarrow 12$ codanna<br>Iomlán na 12 gcodanna = €300<br>1 cuid = €300 ÷ 12 = €25<br>Máire = €25 × 7 = [€]175 | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas<br>• Aithnítear 12 codanna<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar €25 |
| **(c)** | Tomás Jack Micheál<br>$T$ $T + €3$ $T + €8$<br><br>Caith Jack agus Micheál €11 níos mó ná Tomás<br>Caiteachas céanna comhroinnte<br>= €200 − €11<br>= €189<br>Caiteachas céanna caite<br>= €189 ÷ 3 = €63<br><br>Tomás = €63 Jack = €66 Micheál =€71 | **Scála 10C (0, 4, 6, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, léirítear €11 nó suimiú 3 nó 8<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Aimsítear €189<br>• Aimsítear €63<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Figúirí cearta sannta ar an duine mícheart |

<table>
<tr><th>C3</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a) (i)</td><td>Meascán de chúrsa tosaigh amháin, príomhchúrsa amháin agus milseog amháin.</td><td>Scála 10B (0, 4, 10)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Scríobhtar aon earra amháin</td></tr>
<tr><td>(a) (ii) (iii)</td><td>(ii)<br>$2 \times 4 \times 3 = 24$<br><br>(iii)<br>$1 \times 4 \times 2 = 8$</td><td>Scála 10D (0, 4, ,5, 7, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (ii) nó (iii), mar shampla, iolrú ábhartha áirithe<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>(i)<br><table><tr><th></th><th>Cé</th><th>R</th><th>C</th><th>Iomlán</th></tr><tr><td>Lu</td><td>8</td><td>5</td><td>10</td><td>23</td></tr><tr><td>F</td><td>4</td><td>7</td><td>8</td><td>19</td></tr></table>$8 + 5 + 10 = 23$<br>$19 - (4 + 8) = 19 - 12 = 7$<br><br>(ii)<br>$\frac{19}{42}$</td><td>Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (i) nó (ii), mar shampla,<br>in (i), suimiú nó dealú ábhartha áirithe;<br>in (ii), luaitear 19 nó 42<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C4</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>$\boldsymbol{A} = 80\,877 - 80\,455 = 422$</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• 80 877 – 80 455 agus stopann sé</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(c)</td><td>(b)<br>$\boldsymbol{B} =$ Táille Sheasta = $€0{\cdot}7614 \times 58$<br>$= [€]\ 44{\cdot}16$<br><br>(c)<br>$\boldsymbol{C} = 44{\cdot}16 + 167{\cdot}53 + 6{\cdot}46$<br>$= [€]\ 218{\cdot}15$</td><td>Scála 15D (0, 4, 7, 8, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (b), mar shampla,<br>léirítear × 58<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (c), mar shampla, suimiú ábhartha áirithe<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
<tr><td>(d)<br>(e)</td><td>(d)<br>Tobhach = $€218{\cdot}15 \times 0.09$<br>$= [€]19{\cdot}63$<br><br>(e)<br>$€19{\cdot}63 + €218{\cdot}15 = [€]\ 237{\cdot}78$</td><td>Scála 10D (0, 4, ,5, 7, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (d), mar shampla, luaitear 0·09<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (e), mar shampla, suimiú ábhartha áirithe<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>


| C5 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | $€400 \times 0{\cdot}88 = [£]\ 352$ | **Scála 10C (0, 4, 6, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• $400 \div 0{\cdot}88$<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Léirítear $\times\ 0.88$ |
| **(b)** | **(i)**<br>$£150 + £110 + £60 + £45 = [£]365$<br><br>**(ii)**<br>$£365 \div 0{\cdot}88 = €414{\cdot}77$<br>$= [€]\ 415$ | **Scála 15D (0, 4, 7, 8, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Cuir * i bhfeidhm maidir le slánú mícheart nó gan slánú ar bith |
| **(c)** | Freagra: 20 km<br><br>Áireamh:<br><br>$20 \div 8 \times 5 = 12{\cdot}5$ míle<br><br>**NÓ**<br><br>$15 \div 5 \times 8 = 24$ km<br><br>**NÓ**<br><br>5 míle $= 8$ km $(\times\ 3)$<br>15 míle $= 24$ km | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Céim ar bith atá ceart maidir le km a athrú go míle / míle go km<br>• Freagra i gceart gan aon ríomhanna nó le ríomhanna míchearta<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Athraítear luach amháin go ceart, ach teipeann orthu an fad níos giorra a chur i gcrích<br>• Tá an freagra ceart agus obair lena ngabhann fiúntas san áireamh |

| C6 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$A = 90°$<br><br>**(ii)**<br>$x = 16cm \quad y = 22cm$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Smaoinigh go bhfuil 3 chéim sa réiteach:<br>**Céim 1.** Aimsítear A<br>**Céim 2.** Aimsítear $x$<br>**Céim 3.** Aimsítear $y$<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Céim amháin i gceart<br>• Cuid oibre lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá chéim déanta i gceart |
| **(a)**<br>**(iii)** | Achar cearnóige amháin: $22^2 = 484$<br><br>$484 \times 14 = 6776$ [cm²] | **Scála 15C (0, 5, 9, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, iolrú ábhartha áirithe<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Achar tíle amháin a ríomhadh |
| **(b)** |  | **Scála 10C (0, 4, 6, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Aon líníocht ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ciorcal ceart tarraingthe gan aon scáthú |

<table>
<tr><th>C7</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td></td><td>Scála 10B (0, 4, 10)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Cuid oibre lena ngabhann fiúntas</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td><table><tr><td>Patrún 1</td><td>4</td></tr><tr><td>Patrún 2</td><td>7</td></tr><tr><td>Patrún 3</td><td>10</td></tr><tr><td>Patrún 4</td><td>13</td></tr><tr><td>Patrún 5</td><td>16</td></tr><tr><td>Patrún 6</td><td>19</td></tr></table></td><td>Scála 10C (0, 4, 6, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Iontráil amháin atá ceart nó leanúnach<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• 3 iontrálacha atá ceart nó leanúnach</td></tr>
<tr><td>(c)<br>(d)</td><td>(c)<br>$3(42) + 1$<br>$= 126 + 1$<br>$= 127$<br><br>(d)<br>$3k + 1 = 154$<br>$3k = 153$<br>$k = 51$</td><td>Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (c) nó (d), mar shampla:<br>in (c), roinnt ionadaíochta cearta;<br>in (d), cuirtear an chothromóid ar bun nó dealaítear 1 ó 154<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</td></tr>
</table>

| C8 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | $E = (4, 7)$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• $4$ nó $7$ luaite.<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Freagra tugtha mar $(7, 4)$<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Aimsítear $D$ $(10, 1)$ |
| **(b)** | **(i)**<br><br>\|AB\| = 2 [aonad]<br><br>\|BD\| = 6 [aonad]<br><br>**(ii)**<br>Fachtóir scála, $k = \frac{\mathbf{6}}{\mathbf{2}} = 3$ | **Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**, mar shampla, foirmle ábhartha; léirítear an difríocht ó $2$ go $4$ nó $4$ go $10$<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(c)** | Achar $\frac{1}{2} \times 6 \times 6 = 18$ [aonad$^2$]<br><br>**NÓ**<br><br>Achar $= 2 \times 3^2 = 18$ [aonad$^2$] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Roinnt oibre atá bainteach<br>• Fachtóir scála léirithe<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ionadú go hiomlán ceart in achar na foirmle triantáin |
| **(d)** | $h^2 = 2^2 + 2^2$<br><br>$h^2 = 8$<br><br>$h = \sqrt{8} = 2{\cdot}828 \approx 2{\cdot}8$ | **Scála 10C (0, 4, 6, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Foirmle i gceart<br>• Ionadú ar bith i bhfoirmle<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ionadú go hiomlán ceart san fhoirmle |

<table>
<tr><th>C9</th><th>Réiteach Samplach – 45 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)<br>(i)<br>(ii)</td><td>(i)<br>$11:30$<br><br>(ii)<br>Stop sí le haghaidh sosa/siopa</td><td>Scála 5B (0, 3, 5)<br><br>Páirtchreidiúint:<br>• Cuid amháin i gceart</td></tr>
<tr><td>(a)<br>(iii)<br>(iv)</td><td>(iii)<br>1 uair /60 nóiméad<br><br>(iv)<br>$80 + 80 = 160$ [km]</td><td>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (iii) nó (iv), mar shampla,<br>in (iv), luaitear $80$<br><br>Páirtchreidiúint Mheánach:<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile<br><br>Creidiúint Iomlán -1:<br>• Cuir isteach * mura bhfuil aonad i gcuid (iii)</td></tr>
<tr><td>(a)<br>(v)</td><td>$\frac{80}{1\ uair\ 30\ nóim} = \frac{80}{1.5\ uair} = 3{\cdot}3333 \ldots$<br>$= 53$ [km/uair]</td><td>Scála 15C (0, 5, 9, 15)<br><br>Páirtchreidiúint Íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, scríobhtar síos an fhoirmle cheart, nó aithnítear an fad nó an t-am ceart<br><br>Páirtchreidiúint Ard:<br>• $\frac{80}{1\ uair\ 30\ nóim}$<br>• Ríomhtar luas don turas iomlán</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(b) (i)** |  | **Scála 10C (0, 4, 6, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Barra amháin ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Dhá bharra ceart<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Airdí go léir ceart, ach barra amháin nó níos mó le leithead mícheart ann |
| **(b) (ii)** | $\frac{45}{120} \times 100 = 37{\cdot}5\%$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• $\frac{45}{120}$ nó 0.375 |
| **(b) (iii)** | $\frac{72}{360} = \frac{1}{5}$<br><br>$\frac{1}{5} \times 120 = 24$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• $\frac{72}{360}$ nó $0{\cdot}2$ |

| C10 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)** | Achar = $172 \times 98 = 16\ 856$ [cm$^2$] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, foirmle cheart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ionadú go hiomlán ceart san fhoirmle |
| **(b)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$0{\cdot}4 \times 5 = 2$<br><br>**(ii)**<br>$2 \times 4 \times 365 = 2920$ | **Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(b)**<br><br>**(iii)** | $2920 \times 0{\cdot}95 = 2774$<br><br>$2774 \times 0{\cdot}3970 = 1101{\cdot}278$<br>$= €1101{\cdot}28$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Déantar tagairt do $0{\cdot}95$<br>• Roinnt iolraithe ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Aimsítear 2774<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Cuir * i bhfeidhm maidir le slánú mícheart nó gan slánú ar bith |

| C10 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(c)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>150 cm agus 80 cm<br><br>**(ii)**<br>$150 \times 80 \times 14 = 168\ 000$ [cm$^3$] | **Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**, mar shampla, in **(ii)** léirítear fad, leithead agus airde, nó iolrú 2 uimhir áirithe<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(c)**<br>**(iii)** | Méid 1 cholún = $\pi \times 10^2 \times 90$<br>= 28 274·33388 cm$^3$<br><br>An dá cholún $= 28\ 274{\cdot}33388 \times 2$<br>$= 56548{\cdot}66776$<br>$\approx 56\ 549$ [cm$^3$] | **Scála 10C (0, 4, 6, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, mar shampla, foirmle cheart nó iolrú ábhartha áirithe<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ionadú go hiomlán ceart san fhoirmle<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Cuir * i bhfeidhm maidir le slánú mícheart nó gan slánú ar bith<br>• Aimsíodh méid colúin amháin |
| **(c)**<br>**(iv)** | $225 \times 2{\cdot}24$ = 504 kg | **Scála 5B (0, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Cuid oibre lena ngabhann fiúntas |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$11{\cdot}30 \times 30 = €339$<br><br>**(ii)**<br>$11{\cdot}30 \times 30 = 339$<br>$16{\cdot}95 \times 8 = 135{\cdot}60$<br>$339 + 135{\cdot}60 = €474{\cdot}60$ | **Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(a)**<br>**(iii)** | Íocaíochta Ragoibre $= 525{\cdot}45 - 339$<br>$= 186{\cdot}45$<br><br>Uaireanta ragoibre $= 186{\cdot}45 \div 16{\cdot}95$<br>$= 11$ [uair] | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, dealaítear feagra do **(i)** nó **(ii)** ó $525{\cdot}45$<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Aimsítear $186{\cdot}45$ |
| **(b)**<br>**(i)**<br>**(ii)** | **(i)**<br>$0{\cdot}2 \times 508{\cdot}50 = 101{\cdot}70$<br><br>**(ii)**<br>Cáin Ghlan: $101{\cdot}70 - 76{\cdot}92 = 24{\cdot}78$<br>Pá Glan: $508{\cdot}50 - 24{\cdot}78$<br>$= [€]483{\cdot}72$<br>**NÓ**<br>$508{\cdot}50 - 101{\cdot}70 + 76{\cdot}92$<br>$= [€]\ 483{\cdot}72$ | **Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**, mar shampla, foirmle ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile<br><br>*Creidiúint Iomlán -1:*<br>• Ríomhtar uaireanta breise i gcomparáid le Seachtain 2 |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(c)** | **(i)**<br><br>$222 \div 18{\cdot}5 =$12 lítear<br><br>**(ii)**<br><br>$1{\cdot}73 \times 12 = [€]20{\cdot}76$ | **Scála 10D (0, 4, 5, 7, 10)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in **(i)** nó **(ii)**<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Cuid amháin i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tá cuid amháin ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile |
| **(d)** | Bliain 1:<br><br>$23\,000 \times 0{\cdot}1 = 2300$<br><br>$23\,000 - 2300 = 20\,700$<br><br>Bliain 2:<br><br>$20\,700 \times 0{\cdot}1 = 2070$<br><br>$20\,700 - 2070 = [€]18\,630$ | **Scála 15D (0, 4, 7, 8, 15)**<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal:*<br>• Cuid oibre lena ngabhann fiúntas<br>• Déantar tagairt do 0·1 nó 0·9<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Ríomhtar 20 700<br><br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Ríomhtar 2070 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |